

Oideachas Sóisialta Pearsanta agus Sláinte (OSPS) na Sraithe Sóisearaí

Sonraíocht churaclaim



An Clár Ábhar

Leathanach 3

Intreoir don tsraith shóisearach

Leathanach 4

Réasúnaíocht

Leathanach 5

Aidhm

Leathanach 6

Forbhreathnú: Naisc

Leathanach 11

Forbhreathnú: Cúrsa

Leathanach 13

Ionchais maidir leis an scoláire

- 14 **Snáithe 1:** Mé féin agus daoine eile a thuiscint
- 15 **Snáithe 2:** Roghanna sláintiúla a dhéanamh
- 16 **Snáithe 3:** Caidrimh agus gnéasacht
- 17 **Snáithe 4:** Folláine mhothúchánach

Leathanach 18

Measúnú agus tuairisciú

Leathanach 21

Aguisín 1:

Gluais phríomhthearmaí OSPA

Leathanach 23

Aguisín 2:

Torthaí foghlama OSPA agus na táscairí folláine

Leathanach 27

Aguisín 3:

Na Táscairí Leibhéil le haghaidh Leibhéal 3 den Chreat Náisiúnta Cáilfochtaí

Intreoir don tsraith shóisearach

In oideachas na sraithe sóisearaí cuirtear an scoláire ag croílár an eispéiris oideachasúil, á chumasú le páirt ghníomhach a ghlacadh ina phobal féin agus sa tsochaí, agus á chumasú freisin le tabhairt faoin bhfoghlaim go seiftiúil agus go muiníneach i ngach gné agus ag gach céim dá shaol. Tá an tsraith shóisearach uileghabhálach i dtaca le gach scoláire. Sa tsraith shóisearach cuirtear le comhionannas deise, rannpháirtíochta agus torthaí do chách.

Sa tsraith shóisearach cuirtear nasc níos fearr leis an bhfoghlaim ar fáil don scoláire mar go ndírítear ar chaighdeán na foghlama. Déantar eispéiris a sholáthar don scoláire atá mealltach agus taitneamhach, agus atá bainteach lena saol. Is taithí d'ardchaighdeán a bhíonn iontu seo, cuireann siad go díreach le folláine fhisiciúil, mhothúchánach agus shóisialta an fhoghlaim, agus, de réir mar is féidir, cuireann siad deiseanna ar fáil le hinniúlachtaí agus le buanna an fhoghlaim a fhorbairt maidir le cruthaitheacht agus le fiontraíocht. Tógann clár na sraithe sóisearaí ar an bhfoghlaim a rinne an scoláire sa bhunscoil. Tacaíonn sé leis tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh ina chuid foghlama. Cabhraíonn sé leis an scoláire chun na scileanna foghlama a fhorbairt a chabhróidh leo tabhairt faoi dhúshlán an tsaoil i ndiaidh na scoile.

Réasúnaíocht

Cuireann Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) spás ar leith ar fáil inar féidir leis an scoláire an t-eolas, an tuiscint, na scileanna, na meonta agus na luachanna a fhorbairt chun tacaíocht a thabhairt dá fholláine fhisiciúil, mhothúchánach, shóisialta agus spioradálta¹, anois agus amach anseo. Tá OSPS bunaithe ar mheas, comhionannas, ionchuimsitheacht, freagracht, dínit, atrua agus comhbhá.

Is tréimhse í an ógántacht ina n-athraíonn daoine óga agus ina mbíonn dúshláin rompu. Faigheann siad tuiscint níos fearr ar bhféiniúlacht agus bíonn siad níos cinnte faoin gcineál daoine atá iontu. Is próiseas feadh an tsaoil é 'd'intinn féin a bheith agat' agus braistint shábháilte féiniúlachta a fháil. Is príomhchúram forbartha é le linn na hógántachta. Tá eolas agus scileanna de dhíth ar dhaoine óga le cúnamh a thabhairt dóibh tuiscint láidir a bheith acu ar a nádúr féin a fhorbairt, cinntí eolacha agus sláintiúla a dhéanamh, aire mhaith a thabhairt dóibh féin agus do dhaoine eile agus dul i ngleic le dúshláin an tsaoil.

Cuireann an cúrsa seo béim láidir ar fhorbairt scileanna saoil tábhachtacha atá ag teastáil ó dhaoine óga atá ag fás aníos agus an domhan ag éirí níos gasta agus níos casta. Go sonrach, dírtear ar fhorbairt na bpríomhscileanna sóisialta agus mothúchánacha seo a leanas: féinfheasacht, féinbhainistíocht, cinnteoireacht fhreagrach, feasacht shóisialta agus scileanna caidrimh. Léiríodh go socraíonn na scileanna seo cé chomh maith agus a théann daoine i ngleic le timpeallachtaí dúshlánacha atá ag athrú, agus go bhféadann siad tionchar a imirt ar thorthaí tábhachtacha an tsaoil.

Tá Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) ina chuid lárnach den OSPS, agus nascann sé le gnéithe de. Tá sé ríthábhachtach do dhaoine óga ag an tráth seo dá saol, agus iad ag déanamh machnamh ar cheisteanna ar nós 'cén cineál duine atá ionam?' agus 'céard a theastaíonn uaim ó thaobh caidrimh de?' Agus iad ag leanúint ar aghaidh lena bhféiniúlacht a fhorbairt, tá siad ag baint ciall as eispéiris saoil, eolas, íomhánna agus teachtaireachtaí faoi chaidrimh agus faoi ghnéasacht ó réimse foinsí neamhfhoirmiúla amhail comhscoláirí, a dteaghlaigh, na meáin, agus an t-idirlíon. Tá sé thar a bheith tábhachtach go mbeadh an deis acu machnamh a dhéanamh ar chaidrimh, gnéasacht agus léiriú sláintiúil gnéis, agus plé a dhéanamh ar na nithe seo laistigh de shuíomh sábháilte an tseomra ranga le múinteoirí oilte.

Trí úsáid a bhaint as oideolaíochtaí criticiúla agus rannpháirtíochta, cuireann OSPS spás sábháilte, tacúil, neamhbhreithiúnach ar fáil inar féidir leis an scoláire féinfheasacht agus feasacht ar dhaoine eile a fhorbairt, machnamh agus díospóireacht a dhéanamh, agus gníomhartha a aithint ionas go bhféadfadh sé a fholláine féin agus folláine daoine eile a chosaint agus a chothú. Trí bhuanna agus inniúlachtaí daoine óga a dhaingniú agus a fhorbairt agus dlús seasmhach a chur lena bhfoghlaim, déanann OSPS obair thábhachtach chun go mbeidh daoine óga in ann a nguth a aimsiú agus féin-éifeachtúlacht a fhorbairt.

Sa tsraith shóisearach, sainaithníodh sé tháscaire mar ghné lárnach d'fholláine an scoláire. Cuireann teagasc agus foghlaim laistigh den seomra ranga OSPS deiseanna foghlama fiúntacha ar fáil chun na sé tháscaire d'fholláine a chothú, rud a chuidíonn leis an scoláire a bheith Gníomhach, Freagrach, Ceangailte, Athléimneach, Meas a bheith Air agus Feasach. Mar sin de, tá OSPS ina ghné lárnach de chlár Folláine scoile sa tsraith shóisearach.

Tugann an tsonraíocht seo tacaíocht do mhúinteoirí glacadh le cur chuige atá ionchuimsitheach i gcomhréir leis na prionsabail a ghabhann le comhionannas, cearta daonna agus freagrachtaí. Cinntíonn sé sin go bhfeicfeadh an scoláire é féin, a theaghlach agus a phobal léirithe ar fud na foghlama agus d'fhoghlaiméodh siad luach na héagsúlachta mar fhoinsé shaibhriúcháin. Cuireann OSPS, mar sin, le sochaí a thógáil atá aontaithe, atruach agus cothrom; ceann a chuimsíonn gach inscne, gnéasacht, eitneacht, creideamh/dearcadh, aicme shóisialta agus cumas/míchumas.

1 Is éard atá i gceist le gné spioradálta na folláine a bheith in ann uamhan agus iontas a mhothú agus fios a bheith agat go bhfuil brí agus cuspóir leis an saol.

Aidhm

Tá sé mar aidhm ag an gcúrsa seo féinfheasacht agus féinfhiúntas dearfach an scoláire a fhorbairt: an t-eolas, an tuiscint, na scileanna, na meonta agus na luachanna a fhorbairt a chuirfidh ar a chumas saol sásúil sláintiúil a chaitheamh: cur ar a chumas caidrimh mheasúla cheanúla, leis féin agus le daoine eile, a chruthú, a chothú agus a choinneáil: agus cur lena chumas cur go dearfach leis an tsochaí.

Forbhreathnú: Naisc

Léirítear i dTáblaí 1 agus 2 ar na leathanaigh seo a leanas an chaoi a bhféadfaí OSPS a nascadh le gnéithe lárnacha den fhoghlaim agus den teagasc sa tsraith shóisearach.

OSPS agus na ráitis foghlama

Tábla 1: Naisc idir OSPS na sraithe sóisearaí agus na ráitis foghlama

Ráiteas

RF 5: Tá feasacht ag an scoláire ar luachanna pearsanta agus tuiscint ar an bpróiseas chun cinnteoireacht ar bhonn morálta a dhéanamh.

RF 6: Tuigeann an scoláire an chaoi a gcuireann luachanna, creidiúintí agus traidisiúin éagsúla leis na pobail agus leis an gcultúr ina maireann sé/sí agus tá meas aige/aici orthu.

RF 11: Gníomhaíonn an scoláire chun a fholláine féin agus folláine daoine eile a chosaint agus a chothú.

Samplaí d'fhoghlaim ghaolmhar sa chúrsa

Forbraíonn an scoláire féinfheasacht, lena n-áirítear feasacht faoina luachanna pearsanta agus an tionchar a imríonn siad ar chinnteoireacht ó lá go lá. Chomh maith leis sin, faigheann siad tuiscint, agus forbraíonn siad meas ar luachanna, creidiúintí agus eispéiris a d'fhéadfadh a bheith difriúil lena gcinn féin.

Bíonn deiseanna ag an scoláire plé a dhéanamh ar an gcomhthéacs sóisialta agus cultúrtha níos leithne a imríonn tionchar ar a gcaidrimh phearsanta agus idirphearsanta agus ar chinnteoireacht faoi shláinte agus faoi fholláine.

Foghlaimíonn an scoláire conas cinntí a dhéanamh chun tacaíocht a thabhairt dá shláinte agus dá fholláine agus do shláinte agus d'fholláine daoine eile. Faigheann sé eolas agus forbraíonn sé scileanna agus straitéisí a chuidíonn leis déileáil le dúshlán ábhartha an tsaoil agus foghlaimíonn sé faoin áit a mbeidh tacaíocht ar fáil nuair is gá sin.

OSPS agus príomhscileanna

I dteannta lena n-inneachar agus eolas sonrath, cuireann ábhair agus gearrchúrsaí na sraithe sóisearaí deiseanna ar fáil do scoláirí réimse príomhscileanna a fhorbairt. Díríonn curaclam na sraithe sóisearaí ar ocht bpríomhscil a leagtar amach thíos.

Cuireann an cúrsa seo deiseanna ar fáil chun tacú leis na príomhscileanna uile, ach tá roinnt díobh a bhfuil tábhacht ar leith leo.

Sainaitheann na samplaí thíos cuid de ghnéithe na príomhscile atá bainteach le gníomhaíochtaí foghlama in OSPS. Chomh maith leis sin, is féidir leis an múinteoir a lán de na gnéithe eile de phríomhscileanna ar leith a fhí isteach ina chuid planála don seomra ranga.

Fíor 1: Príomhscileanna na sraithe sóisearaí



Tábla 2: Naisc idir OSPS na sraithe sóisearaí agus na príomhscileanna

Príomhscil	Gné na príomhscile	Gníomhaíocht foghlama an scoláire
A Bheith Cruthaitheach	Roghanna a fhiosrú	Fiosraíonn agus measann an scoláire roghanna i gcomhthéacs na gcinntí a dhéanann sé agus déanann sé machnamh ar thorthaí agus ar iarmhairtí dá bhfuil ann. Spreagtar an smaointeoireacht chruthaitheach agus a bheith oscailte le dearcadh daoine eile.
A Bheith Liteartha	Téacsanna éagsúla a fhiosrú agus a chruthú, lena n-áirítear téacsanna ilmhódacha	Spreagtar an scoláire chun a fhoghlaim a léiriú in OSPS ar bhealaí éagsúla: go fisiciúil (amhail mím, dráma), go digiteach (amhail taifeadadh closamhairc, cur i láthair), páipéar-bhunaithe (leabhar gearrthóg, póstaer), sonraí-bhunaithe (cairteacha, graif), nó trí léiriúchán ealaíonta.
A Bheith Uimheartha	Faisnéis a bhailiú, a léirmhíniú agus a mheas	Déanann an scoláire machnamh ar shonraí taighde atá ábhartha dá shaol. I roinnt cúinsí, d'fhéadfadh an scoláire a suirbhéanna nó a gceistneoirí féin a chruthú chun gnéithe sláinte agus folláine ábhartha do dhaoine óga a imscrúdú.
Cumarsáid	Éisteacht agus mé féin a chur in iúl	Foghlaimíonn an scoláire conas smaointe agus mothúcháin a chur in iúl go soiléir measúil agus forbraíonn sé ionbhá trí éisteacht le dearcthaí agus eispéiris éagsúla agus trí mheas a bheith acu ar mhothúcháin daoine eile.
Faisnéis agus smaointeoireacht a bhainistiú	Smaoineamh go cruthaitheach agus go criticiúil	Spreagtar an scoláire amhras a chaitheamh ar thuairimí (a thuairimí féin agus tuairimí daoine eile) agus ar noirm shóisialta. Spreagtar an scoláire le machnamh a dhéanamh ar a fhoghlaim agus í a athbhreithniú i bhfianaise eolas nua agus léargais a shealbhaítear.
Mé féin a bhainistiú	Aithne orm féin	Tríd an bhfoghlaim, forbraíonn an scoláire féinfheasacht agus aithníonn sé a luachanna pearsanta, a láidreachtaí agus a chumais. Tugtar tacaíocht dó chomh maith chun machnamh a dhéanamh ar thionchar an teaghlaigh, na gcomhscoláirí, na meán agus tosca comhthéacsúla eile a imríonn tionchar ar cé hé féin agus na roghanna a dhéanann sé.
Fanacht folláin	A bheith slán	Aithníonn an scoláire na hiarmhairtí is mó a bhaineann le hiompraíochtaí rioscúla mífholláine agus foghlaimíonn sé conas freagairt má tá a shábháilteacht féin faoi bhagairt.
Obair le daoine eile	Dea-chaidrimh a fhorbairt agus plé le coimhlint	I gcaitheamh na foghlama forbraíonn an scoláire na bunscileanna atá ag teastáil ó chaidrimh shláintiúla, lena n-áirítear scileanna le haghaidh cumarsáid threallúsach agus mheasúil

OSPS agus Folláine

Tá OSPS ina ghné lárnach de chlár Folláine na sraithe sóisearaí. Sainaitníonn na sé tháscaire folláine – Gníomhach, Freagrach, Ceangailte, Athléimneach, Meas Orm agus Feasach – na rudaí atá tábhachtach d'fholláine daoine óga sa tsraith shóisearach. Tacaíonn an cúrsa OSPS le daoine óga chun na sé tháscaire folláine a fhorbairt. Tugann Fíor 2 léargas ginearálta ar na sé tháscaire folláine agus léiríonn Aguisín 2 a mhéid a bhaineann na torthaí foghlama go díreach lena táscairí folláine a fhorbairt.

Fíor 2: Táscairí na folláine

GNÍOMHACH

- An rannpháirtí muiníneach oilte mé i ngníomhaíocht choirp?
- Cé chomh gníomhach is atá mé go físiúil?

FREAGRACH

- An ngníomhaím chun mo chuid folláine féin agus folláine daoine eile a chosaint agus a chothú?
- An roghnaím bia sláintiúil?
- An dtuigim cén áit a mbíonn mo chuid sábháilteachta i mbaol, agus an ndéanaim na roghanna cearta?

CEANGAILTE

- An mothaím ceangailte le mo scoil, mo chairde, mo phobal agus an domhan mór?
- An dtuigim go dtéann mo chuid gníomhartha agus idirghníomhaíochtaí i bhfeidhm ar m'fholláine féin agus ar fholláine daoine eile i gcomhthéacs áitiúil agus domhanda?

ATHLÉIMNEACH

- An gcreidim go bhfuil na scileanna agam chun déileáil le dúshlán an tsaoil?
- An eol dom cén áit ar féidir liom cabhair a fháil?
- An gcreidim go n-éireoidh go maith liom ach iarracht a chur isteach?

MEAS

- An mothaím go n-éistear liom agus go bhfuil meas orm?
- An bhfuil caidrimh dhearfacha agam le mo chairde, mo phiaraí agus mo mhúinteoirí?
- An léirim cúram agus meas ar dhaoine eile?

FEASACH

- An bhfuilim feasach ar mo chuid smaointe, mothúchán agus iompar, agus an féidir liom ciall a bhaint astu?
- An bhfuilim feasach ar mo luachanna pearsanta agus an ndéanaim machnamh ceart roimh chinneadh a dhéanamh?
- An dtuigim na rudaí a chabhraíonn liom foghlaim agus conas is féidir liom dul i bhfeabhas?

Tá treoirínte chun tacú le scoileanna le clár Folláine don tsraith shóisearach a phleanáil agus a fhorbairt ar fáil ar ncca.ie/ga/an-tsraith-sh%C3%B3isearach/foll%C3%A1ine.


Tábla 3: Ceisteanna machnaimh don seomra ranga OSPS bunaithe ar tháscairí na folláine

Ceisteanna machnaimh don seomra ranga OSPS bunaithe ar tháscairí na folláine

Gníomhach	Conas atá mo chuid foghlama in OSPS ag cabhrú liom a bheith níos gníomhaí agus níos sláintiúla go fisiciúil?
Freagrach	Conas atá mo chuid foghlama in OSPS ag cabhrú liom roghanna maithe a dhéanamh?
Ceangailte	Conas atá mo chuid foghlama in OSPS ag cabhrú liom féachaint conas a théann mo ghníomhartha agus mo roghanna i bhfeidhm ní hamháin ar mo shaol féin ach ar dhaoine eile freisin?
Athléimneach	Conas atá mo chuid foghlama in OSPS ag cabhrú liom déileáil le gnáth-bhuaicphointí agus íospointí an tsaoil agus cabhrú liom a fháil amach cá háit ar féidir liom dul chun cabhair a fháil, más gá?
Meas	Conas atá mo chuid foghlama in OSPS ag cuidiú liom an méid seo a leanas a mhothú – go bhfuil meas orm, go bhfuilim san áireamh agus go n-éistear liom? An bhfuil mé ag foghlaim conas meas agus cúram do dhaoine eile a léiriú i mo rang agus laistigh de?
Feasach	Conas atá mo chuid foghlama in OSPS ag cabhrú liom a bheith níos feasaí ar mo chuid smaointe, mothúchán agus iompraíochtaí? An bhfuilim ag éirí níos feasaí ar na rudaí atá ag imirt tionchar ar mo chuid smaointeoireachta agus iompraíochta? An bhfuilim ag éirí níos feasaí ar dhearcthaí agus ar mhothúcháin daoine eile agus an bhfuilim in ann comhbhá a léiriú? An bhfuilim níos ábalta cinntí tuisceanacha a dhéanamh bunaithe ar mo luachanna pearsanta?

Forbhreathnú: Cúrsa

Tá an cúrsa OSPS seo sa tsraith shóisearach deartha chun an scoláire a chumasú braistint dhearfach féiniúlachta a fhorbairt agus cumas a fhorbairt aire a thabhairt dó féin agus do dhaoine eile. Tá sé deartha timpeall ar cheithre shnáithe idirnasctha agus ar thrí ghné thrasghearrtha.



Snáithe 1: Mé féin agus daoine eile a thuiscint

Díríonn an snáithe seo ar fhorbairt féinfheasachta agus féinmhuiníne agus ar thógáil roinnt de na bunscileanna agus meonta atá ag teastáil ó chaidrimh shláintiúla agus chun a bheith rathúil sa saol (lena n-áirítear cumarsáid agus idirbheartaíocht, éisteacht, comhbhá a léiriú, meas a léiriú ar dhifríochtaí, agus féinbhainistíocht/féinrialúchán).

Snáithe 2: Roghanna sláintiúla a dhéanamh

Cuireann an snáithe seo deiseanna ar fáil don scoláire machnamh a dhéanamh ar conas roghanna sláintiúla a dhéanamh le tacú lena fholláine. Déanann sé iniúchadh ar céard is sláinte ann do dhéagóirí, céard é a chuidíonn nó a choisceann roghanna sláintiúla agus conas eolas iontaofa a fháil le tacú le roghanna maithe. Cleachtfaidh an scoláire scileanna a theastaíonn chun roghanna sláintiúla a dhéanamh agus chun tuiscint a fháil faoi thosca comthéacsúla a imríonn tionchar ar roghanna, amhail an teaghlach, chomhscoláirí, na meáin agus brú sóisialta.

Snáithe 3: Caidrimh agus gnéasacht

Déanann an snáithe seo iniúchadh ar ghnéithe cognaíochta, fisiceacha, mothúchánacha agus sóisialta de chaidrimh agus de ghnéasacht trí chur chuige dearfach, ionchuimsitheach atá bunaithe ar chearta agus ar fhreagrachtaí. Tá an bhéim ar chaidrimh teaghlaigh, ar chairdeas, ar chaidrimh rómánsúla agus ar chaidrimh ghnéis fhéideartha amach anseo.

Snáithe 4: Folláine mhothúchánach

Díríonn an snáithe seo go príomha ar fholláine mhothúchánach agus ar mheabhairshláinte dhearfach a chur chun cinn. Cuidíonn sé leis an scoláire scileanna réitigh fadhbanna agus scileanna chun dul i ngleic le deacrachtaí a fhorbairt sa chaoi is gur féidir déileáil le buaicphointí agus íospointí mothúchánacha an tsaoil. Déanann sé imscrúdú ar an dóigh ar féidir leis tacú leis féin agus le daoine eile le linn tréimhsí dúshlánacha agus pléann sé leis an áit a bhfuil tacaíocht ar fáil, agus conas í a fháil, más gá.

Tá trí ghné thrasghearrtha mar bhonn faoi na ceithre shnáithe, agus tá siad thar a bheith tábhachtach do theagasc agus d'fhoghlaim éifeachtach in OSPS. Is iad sin:

- Feasacht
- Dialóg
- Machnamh agus gníomh.

Feasacht

Is inniúlacht í an fheasacht a chuireann lenár gcumas ár smaointe, mothúcháin, luachanna agus iompar a thuiscint. Cuimsíonn sé an tuiscint conas a imríonn tosca difriúla tionchar ar thuiscint ár nádúir féin agus conas a chaitheann muid ár saol, ina n-áirítear tionchar an teaghlaigh, comhscoláirí, an t-idirlíon, inscne, cultúr agus noirm shóisialta. Cuimsíonn an ghné seo tuiscint gurb é is duine ann ná a bheith i mbun caidrimh le daoine eile agus go bhfuil daonnacht, dínit, cearta agus freagrachtaí i bpáirt againn.

Dialóg

Trí theagasc agus trí fhoghlaim dhialógach cuidítear leis an scoláire a bheith páirteach le dearccháí éagsúla; comhrá agus machnamh a dhéanamh ar a dhearccháí, a luachanna agus a iompraíochtaí agus dearccháí, luachanna agus iompraíochtaí daoine eile; a thuiscintí ar thopaicí ábhartha dá shaol a mhéadú; agus teacht ar chinntí eolasacha, smaointeacha bunaithe ar a luachanna pearsanta, agus aird chuí ar a chearta agus ar a fhreagrachtaí féin agus ar chearta agus ar fhreagrachtaí daoine eile. Nuair a ghlactar leis go mbeidh ilchineálacht na gcúlraí, na bhféiniúlachtaí, na gcultúr agus na taithí i ngach seomra ranga agus feictear mar acmhainn le haghaidh foghlama é sin, cuidítear le dialóg mheasúil.

Machnamh² agus gníomh

Díríonn an ghné thrasghearrtha seo ar an scoláire ag déanamh machnamh ar a bhfuil foghlamtha aige agus ag teacht ar a léargas agus a chonclúidí pearsanta féin mar fhreagairt ar a fhoghlaim. Cuireann sí ar chumas an scoláire cuimhneamh ar an gcaoi ar féidir leis an bhfoghlaim eolas a chur ar fáil dá chuid roghanna, iompair agus caidreamh, agus ag déanamh amach cén bhaint atá ag an bhfoghlaim lena shaol anois agus amach anseo. Is 'praitic' í an fhoghlaim in OSPS; próiseas leanúnach de mhachnamh criticiúil agus gníomh, á chothú ag dialóg le daoine eile.

2 Is é is machnamh ann ná "inniúlacht chun seasamh criticiúil a ghlacadh roimh chinnteoireacht, rogha agus gníomh, ar nós seas siar ón rud measta, aitheanta agus glactha; cás a mheas ó dhearccháí difriúla, agus ag féachaint thar an gcás láithreach chuig na torthaí fadtéarmacha agus indéreacha a bhaineann le roghanna agus gníomhartha duine. Cuireann sé seo ar chumas daoine aonair leibhéal aibíochta a bhaint amach agus dá bharr sin is féidir leo dearccháí difriúla a ghlacadh, breithiúnais neamhspleácha a dhéanamh agus freagracht a ghlacadh dá chinntí agus dá ghníomhartha." ECFE (2020), *Technical Report: Curriculum analysis of the OECD Future of Education and Skills 2030*.

Ionchais maidir leis an scoláire

Is scáth-théarma é ionchais maidir leis an scoláire a nascann torthaí foghlama le samplaí anótáilte de shaothar an scoláire. I gcás na ngearrchúrsaí a d'fhorbair CNCM, beidh samplaí oibre a bhaineann le toradh foghlama ar leith nó le grúpa de thorthaí foghlama ar fáil.

Torthaí foghlama

Is é is torthaí foghlama ann ráitis a chuireann síos ar an eolas, tuiscint, scileanna, dearcthaí agus luachanna is cóir don scoláire bheith in ann a léiriú tar éis dó an cúrsa OSPS seo sa tsraith shóisearach a chríochnú. Baineann na torthaí foghlama a leagtar amach sna táblaí seo a leanas le gach scoláire agus léiríonn siad torthaí don scoláire ag deireadh na tréimhse staidéir.

Tá uimhir le gach toradh laistigh de gach snáithe. Tá sé i gceist go gcabhródh an t-uimhriú le planáil an mhúinteora agus ní sheasann sé d'ordlathas tábhachta ar bith trasna na dtorthaí iad féin. Ná tuigtear leis ach an oiread gur cheart cloí leis na torthaí foghlama in ord seicheamhach. Nuair a bhíonn múinteoirí i mbun planála d'fhoghlaim agus do theagasc in OSPS, féadann siad oibriú le roinnt torthaí foghlama laistigh de shnáithe amháin nó thar shnáitheanna difriúla.

Tógann an cúrsa seo ar chur chuige bíseach a bhfuil cur amach ag múinteoirí OSPS air. Tugann an cur chuige bíseach deis don scoláire amharc siar ar théamaí tábhachtacha thar na trí bliana sa chaoi is gur féidir rannpháirtíocht níos doimhne a bheith acu de réir a riachtanais shíorathraitheacha agus céim forbartha an scoláire. Tá sé tábhachtach, nuair a chaitear súil siar ar thorthaí foghlama, go gcinntítear go bhfuil dul chun cinn san fhoghlaim. Tá sé tábhachtach chomh maith dul i gcomhairle leis an scoláire go rialta chun a fháil amach conas teagasc agus foghlaim a phleanáil ag baint úsáid as na torthaí foghlama sa chaoi is go bhfuil an fhoghlaim freagrúil do riachtanais, do cheisteanna agus d'inní áirithe an scoláire. Cinnteoidh comhairliúchán mar sin go bhfuil OSPS ábhartha agus freagrúil don saol mar atá ag an scoláire i gcomhthéacsanna éagsúla agus i seomraí ranga.

Dearadh an cúrsa OSPS seo le haghaidh 100 uair an chloig de rannpháirtíocht an scoláire lena theagasc thar trí bliana na sraithe sóisearaí.

Cuireann Aguisín 1 gluais na bpríomhthéarmaí OSPS ar fáil.

Chun treoir phleanála a fháil ag baint úsáid as torthaí foghlama mar aon le hacmhainní agus modheolaíochtaí samplacha féach ar na huirlisí úsáide OSPS ag: www.curriculumonline.ie/Junior-cycle/Short-Courses/SPHE/SPHE-RSE-toolkit/?lang=ga-ie

Tá na torthaí foghlama sa chúrsa seo ailínithe leis na táscairí leibhéil le haghaidh Leibhéal 3 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (Aguisín 3).

Snáithe 1: Mé féin agus daoine eile a thuiscint

Feasacht

Dialóg

Machnamh agus gníomh

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:

- 1.1 iniúchadh a dhéanamh ar na hathruithe fisiciúla, sóisialta agus mothúchána a tharlaíonn le linn na hógántachta
- 1.2 machnamh a dhéanamh ar a mbuanna pearsanta agus a luachanna agus conas iad a thabhairt isteach i gcaidrimh
- 1.3 iniúchadh a dhéanamh ar na tionchair agus ar eispéiris an tsaoil is féidir dul i bhfeidhm ar fhéiniomhá agus ar fhéinmhuinín agus bealaí a aithint chun féinfhiúntas dearfach a chothú
- 1.4 na tosca agus na tionchair a théann i bhfeidhm ar fhéiniúlacht daoine óga a aithint, amhail teaghlach, comhscoláirí, cultúr, féiniúlacht inscne, gnéaschlaonadh, cine/cúlra eitneach, cumas/míchumas, creideamh/dearcthaí ar an saol
- 1.5 machnamh a dhéanamh ar chothroime inscne agus an tionchar a imríonn steiréitíopaí inscne ar céard a bhítear ag súil, ar iompraíocht agus ar chaidrimh
- 1.6 plé a dhéanamh ar eispéiris/chásanna claontachta, éagothroime nó eisiaimh³ agus bealaí a cheapadh chun timpeallachtaí níos ionchuimsithí a chruthú go gníomhach
- 1.7 cumarsáid a dhéanamh ar bhealach measúil éifeachtach agus éisteacht go hoscailte agus go tuisceanach le tuairimí/mothúcháin daoine eile
- 1.8 Machnamh a dhéanamh ar bhrí agus ar thábhacht na comhbhá agus plé a dhéanamh ar na bealaí chun comhbhá a léiriú.
- 1.9 scileanna féinbhainistíochta a thaispeáint, lena n-áirítear spriocanna pearsanta a leagan amach, moill a chur ar shásamh, agus féinrialúchán a dhéanamh ar smaointe, ar mhothúcháin agus ar thaghdanna.

3 Cuireann na hAchtanna um Stádas Comhionann toirmeasc ar idirdhealú ar fhorais inscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, aoise, míchumais, claonadh gnéasach, cine, creidimh agus ballraíochta den Lucht Siúil. Féadtar dul i ngleic leis an toradh foghlama seo ó thaobh na bhforas sin, agus is maith an cur chuige é. Féadfaidh múinteoirí na forais is ábhartha dá gcomhthéacs a roghnú ar mhaithe le rannpháirtíocht an scoláire sa toradh foghlama seo a éascú.

Snáithe 2: Roghanna sláintiúla a dhéanamh

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:

- 2.1 machnamh a dhéanamh ar ilghnéitheacht na sláinte agus na folláine, agus a mheas céard is sláinte ann d'ógánaigh dhifriúla, agus conas a chuireann bia, gníomhaíocht choirp, codladh/scíth agus sláinteachas le sláinte agus folláine san áireamh
- 2.2 iniúchadh a dhéanamh ar conas a mhargaítear agus a fhógraítear táirgí míshláintiúla (nicitín, galtoitíní, alcól, agus bia agus deochanna míshláintiúla)
- 2.3 plé a dhéanamh ar na tionchair shochoaíocha, chultúrtha agus eacnamaíocha a théann i bhfeidhm ar dhaoine óga tráth roghanna sláintiúla a dhéanamh i dtaobh caitheamh tobac, alcóil agus substaintí agus iompraíochtaí andúile eile, agus plé a dhéanamh ar conas is féidir na dúshlán sin a shárú i gcásanna fíorshaoil
- 2.4 scileanna agus straitéisí a thaispeáint a chuidíonn le roghanna eolacha a dhéanamh a thacaíonn le sláinte agus folláine agus iad a chur i bhfeidhm i gcásanna san fhíorshaol a d'fhéadfadh a bheith strusmhar agus/nó ina bhfuil piarbhrú i gceist
- 2.5 plé a dhéanamh ar na hiarmhairtí fisiciúla, sóisialta, mothúchána agus dlíthiúla a ghabhann le húsáid substaintí andúile (láithreach agus fadtéarmach)
- 2.6 machnamh a dhéanamh ar na cásanna inar féidir go mbainfí úsáid as alcól, nicitín, drugaí, bia agus scáileáin chun déileáil le mothúcháin mhíthaitneamhacha nó le strus agus plé a dhéanamh ar bhealaí sláintiúla a bhféadfaí déileáil leo
- 2.7 measúnú a dhéanamh ar na buntáistí agus na deacrachtaí a bhaineann lena shaol ar líne agus straitéisí a phlé chun déileáil le raon cásanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn
- 2.8 plé a dhéanamh ar conas eolas pearsanta, íomhánna, tuairimí agus mothúcháin a chomhroinnt ar bhealach sábháilte, freagrach, agus measúil ar líne agus aghaidh ar aghaidh
- 2.9 iniúchadh a dhéanamh ar na fáthanna a roinneann daoine óga íomhánna gnéis ar líne, agus na rioscaí agus na hiarmhairtí a bhaineann lena leithéid a fhiosrú
- 2.10 a léiriú conas seirbhísí, tacaíochtaí agus faisnéis atá cuí agus iontaofa maidir le sláinte agus folláine, a fháil agus a mheas.

Feasacht

Dialóg

Machnamh
agus gníomh

Snáithe 3: Caidrimh agus gnéasacht

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:

- 3.1 machnamh a dhéanamh ar na luachanna, iompraíochtaí agus scileanna a cabhraíonn le caidrimh a chothú, a choinneáil agus a chríochnú go measúil (cairde, teaghlach agus caidrimh rómánsúla/dhlúthphearsanta)
- 3.2 scrúdú a dhéanamh ar na buntáistí agus na deacrachtaí a bhfuil taithí ag daoine óga orthu i gcaidrimh éagsúla – cairdeas, caidrimh theaghlaigh, agus caidrimh rómánsúla/dhlúthphearsanta
- 3.3 comharthaí de chaidrimh shláintiúla, mhíshláintiúla agus mhí-úsáide a aithint
- 3.4 tuiscint a fháil ar a thábhachtaí atá sé teorainneacha sláintiúla a leagan síos i gcaidrimh idirphearsanta agus machnamh a dhéanamh ar conas meas a léiriú ar theorainneacha daoine eile
- 3.5 machnamh a dhéanamh ar a thábhachtaí atá sé aire a thabhairt dá shláinte atáirgthe
- 3.6 tuiscint a fháil ar gach a bhfuil i gceist le gnéasacht an duine, agus ar an gcaoi a mbraitear agus a léirítear gnéaschlaonadh agus féiniúlacht inscne ar bhealaí éagsúla
- 3.7 iniúchadh a dhéanamh ar na brúnna atá ann páirt a ghlacadh i gcaidreamh gnéis agus plé leis na bealaí chun meas a léiriú ar roghanna daoine
- 3.8 léirthuiscint a thaispeáint ar a thábhachtaí agus atá sé toiliú a lorg, a thabhairt agus a fháil i gcaidrimh ghnéasacha, ó chaidrimh chomhbhácha idirphearsanta a thógáil agus ón dearcadh dlíthiúil
- 3.9 míniú a dhéanamh ar an tábacht a bhaineann le gníomhaíocht ghnéasach níos sláintiúla le tagairtí do mhodhanna frithghiniúnacha agus do chosaint ar ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha (STInna)
- 3.10 plé a dhéanamh ar thionchar an chultúir choitinn agus an tsaoil ar líne (tionchar na pornagrafaíochta go háirithe) ar thuiscint, ar ionchais agus ar noirm shóisialta daoine óga ó thaobh léiriú gnéasachta de
- 3.11 a léiriú conas comhairle chuí agus iontaofa, tacaíocht agus seirbhísí a bhaineann le caidrimh agus sláinte ghnéis a fháil agus a mheas.

Feasacht

Dialóg

Machnamh
agus gníomh

Snáithe 4: Folláine mhothúchánach

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:

- 4.1 plé a dhéanamh ar nádúr solúbtha na folláine mothúchánaí agus ar bhealaí chun í a chothú agus a chosaint
- 4.2 a chuid mothúchán a aithint agus a admháil agus na naisc idir smaointe, mothúcháin agus iompraíocht a aithint
- 4.3 machnamh a dhéanamh ar thionchar an struis agus a bheith in ann leas a bhaint as teicnící éagsúla chun mothúcháin a fhéinrialú agus déileáil le struis an tsaoil ó lá go lá
- 4.4 plé a dhéanamh ar bhealaí chun tacaíocht a thabhairt dó féin agus do dhaoine eile i dtréimhsí dúshlánacha agus cén áit/cén chaoi/cén t-am le tacaíocht a lorg, más gá
- 4.5 iniúchadh a dhéanamh ar an dóigh ar féidir le tosca a bhfuil smacht againn orthu (amhail codladh, aiste bia, aclaíocht, úsáid substaintí agus gníomhaíocht ar líne), agus tosca nach bhfuil smacht againn orthu, dul i bhfeidhm ar fholláine mhothúchánach
- 4.6 iompraíochtaí éagsúla mí-úsáideacha agus bulaíochta a d'fhéadfadh tarlú le linn idirghníomhaíochtaí ar líne agus aghaidh ar aghaidh a aithint
- 4.7 míniú a thabhairt ar a thábhachtaí atá sé iompraíochtaí éagsúla mí-úsáideacha nó bulaíochta – a d'fhéadfadh tarlú ar bhonn aghaidh ar aghaidh nó ar líne – a thabhairt faoi deara agus freagairt dóibh, agus freagairtí oiriúnacha a phlé (cén fáth, cén chaoi, cén áit agus cén uair is cóir iad a thuairisciú)
- 4.8 na fáthanna nach seastar an fód a fhiosrú agus gníomhaíochtaí is féidir le daoine óga a dhéanamh, gan iad féin a chur i mbaol a aithint, i gcásanna ina bhfuil siad ar an eolas faoi eachtraí mí-úsáideacha nó bulaíochta
- 4.9 a léiriú conas eolas agus seirbhísí cuí agus iontaofa a fháil agus a mheas, cinn atá dírithe ar thacú le` folláine mhothúchánach agus meabhairshláinte daoine óga.

Feasacht

Dialóg

**Machnamh
agus gníomh**

Measúnú agus tuairisciú

Leagann an tsraith shóisearach an-bhéim ar mheasúnú mar chuid den phróiseas foghlama. Sa chur chuige sin, teastaíonn éagsúlacht sa mheasúnú chun a chinntiú go mbíonn an modh/na modhanna measúnaithe a roghnaítear oiriúnach don fheidhm, tráthúil agus ábhartha don scoláire. I measúnú OSPS na sraithe sóisearaí, déanfar optamú ar an deis a bheith ag an scoláire a bheith ina rannpháirtí machnamhach agus gníomhach ina gcuid foghlama féin, agus beidh an deis ag múinteoirí tacú leis sin.

Go bunúsach, is é cuspóir an mheasúnaithe agus an tuairiscithe ag an gcéim seo den oideachas tacú leis an bhfoghlaim. Tacaíonn an cúrsa OSPS le héagsúlacht leathan cur chuige i leith measúnaithe. Samhlaítear gur measúnú foirmitheach a bheidh i measúnú OSPS, den chuid is mó, agus cuirfidh an scoláire fianaise ar a chuid foghlama ar fáil trí ilmhodhanna léirithe lena n-áirítear píosaí ó bhéal, i scríbhinn, go físiúil agus píosaí bunaithe ar na healaíona. Sna comhthéacsanna sin, déanfaidh an scoláire, i dteannta lena múinteoirí agus lena gcomhscóláirí, machnamh ar a gcuid foghlama féin agus ar fhoghlaim daoine eile agus tabharfaidh siad breithiúnas orthu trí bhreathnú ar chaighdeán píosaí áirithe oibre, agus aontóidh siad maidir leis na chéad chéimeanna eile dá chuid foghlama, bunaithe ar aiseolas a thugann agus a fhaigheann sé. Sa chaoi sin, is féidir le measúnú foirmitheach tacú leis an scoláire ina aistear foghlama agus ina ullmhúchán don Mheasúnú Rangbhunaithe a bhaineann leis an gcúrsa seo.

Cuirfear dul chun cinn agus gnóthachtáil an scoláire sna gearrchúrsaí, idir mheasúnuithe leanúnacha agus an Measúnú Rangbhunaithe a bhaineann go sonrach leis an gcúrsa seo, in iúl dá thuismitheoirí/chaomhnóirí sa tuairisciú eatramhach agus i bPróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS).

Chun tacú leis sin, beidh teacht ag múinteoirí agus ag scoileanna ar ábhar tacaíochta measúnaithe atá ar fáil ar líne, mar aon leis an treoir le haghaidh an phróisis Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ).

Áirítear san ábhar tacaíochta ar líne réimse de thacaí measúnaithe, comhairle agus treoirlínte a chuirfidh ar chumas scoileanna agus múinteoirí dul i ngleic leis an gcóras measúnaithe agus leis na socrúithe tuairiscithe ar bhealach eolach, le muinín agus le cinnteacht.

Anuas air sin, tá ábhair a forbraíodh go sonrach chun tacú le teagasc agus foghlaim OSPS ar fáil in Uirlisí Úsáide OSPS ar www.curriculumonline.ie/Junior-cycle/Short-Courses/SPHE/SPHE-RSE-toolkit/?lang=ga-ie.

Measúnú Rangbhunaithe

Is ionann na Measúnuithe Rangbhunaithe agus an tráth nuair a dhéanann an múinteoir measúnú ar na scóláirí sa mheasúnú sonrach/sna measúnuithe sonracha a leagtar amach i sonraíocht an ábhair nó an ghearrchúrsa. Tá Measúnú Rangbhunaithe amháin i ngearrchúrsaí na sraithe sóisearaí. De réir mar is féidir, glacfaidh múinteoirí na ngearrchúrsaí páirt i gcruinnithe AFMÁ. Cuspóir faoi leith den mheasúnú rangbhunaithe is ea aiseolas forbartha don scoláire a éascú le linn dóibh bheith páirteach sa tasc agus ag deireadh an phróisis.

Measúnú Rangbhunaithe in OSPS

Ní bhaineann an measúnú in OSPS le tascanna a shocrú d'fhonn teist marcanna a charnadh. Ná ní bhaineann sé le múinteoirí a bheith ag measúnú cén áit atá bainte amach ag an scoláire ar chontanam na folláine ná breithiúnas a dhéanamh maidir le folláine cholanda, shóisialta ná mhothúcháinach an scoláire. Tugtar aird sa mheasúnú ar chead a thabhairt don scoláire léiriú a thabhairt ar an eolas, ar na scileanna agus na héirimí atá gnóthaithe aige trína rannpháirtíocht san fhoghlaim in OSPS.

Agus éagsúlacht na bhfoghlaimoírí agus na gcomhthéacsanna á gcur san áireamh, agus ar mhaithe leis an oiread solúbthachta agus roghanna agus is féidir a chinntiú, rachaidh an scoláire i ngleic le **ceann amháin** de na Measúnuithe Rangbhunaithe (MRBanna) seo a leanas.

Teideal	Leagan amach	Ullmhúchán an scoláire
Punann mo chuid foghlama agus mo mhachnamh ar fhoghlaim in OSPS	Rogha aonair de mhíreanna oibre, amhail ábhar digiteach, téacsanna scríofa, póstaer, ábhar closamhairc nó ábhar ilmhódach	Roghnaíodh an scoláire trí phársa oibre, a cuireadh i gcrích le himeacht aimsire agus atá nasctha le snáitheanna difriúla na foghlama laistigh den chúrsa; cuirfidh sé i láthair iad in éineacht le machnamh ar an bhfáth ar roghnaíodh gach pársa agus ar an gcaoi a raibh siad tábhachtach don scoláire ó thaobh foghlama in OSPS.

NÓ

Teideal	Leagan amach	Ullmhúchán an scoláire
Beart a dhéanamh le haghaidh OSPS	Tionscadal aonair nó grúpthionscadal beag ar féidir é a chur i láthair ar mhórán formáidí	Déanfaidh an scoláire, thar thréimhse shonraithe, agus tacaíocht agus treoir á bhfáil aige ón múinteoir, taighde, tuairisciú agus machnamh ar bheart atá déanta aige chun gné den tsláinte/den fholláine a ndearnadh staidéar uirthi sa ghearrchúrsa OSPS a chur chun cinn nó chun feasacht a mhúscailt ar an gné sin.

Cé go mbeidh éagsúlacht ag baint leis an am a dhéantar an Measúnú Rangbhunaithe i ngearrchúrsaí, ag brath ar an scoil, ní féidir Measúnuithe Rangbhunaithe a dhéanfar i gcomhair tuairiscithe i bPróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) a chur i gcrích sa chéad bhliain. Is féidir an Measúnú Rangbhunaithe seo a chur i gcrích sa dara bliain nó sa tríú bliain.

(Féach ar Uirlisí Úsáide OSPS: [Modhanna Cruthaitheacha i leith Measúnú in OSPS](#))

Na gnéithe cáilíochta

Tacaíonn na gnéithe cáilíochta le breithiúnas an scoláire agus an mhúinteora ar an Measúnú Rangbhunaithe agus is iad na critéir iad a úsáidfidh múinteoirí chun punann an scoláire a mheas.

Tá ábhar níos mionsonraithe maidir le measúnú agus tuairisciú sa ghearrchúrsa OSPS seo, lena n-áirítear gnéithe cáilíochta agus sonraí na socruithe praiticiúla a bhaineann le measúnú ar an Measúnú Rangbhunaithe, ar fáil i dtreoirínte measúnaithe ar leith do OSPS.

Measúnú cuimsitheach

Ceadaítear cleachtais mheasúnaithe chuimsitheacha sa tsonraíocht, bíodh sin mar chuid de mheasúnú leanúnach nó mar Mheasúnuithe Rangbhunaithe. Sa chás go meastar i scoil go bhfuil sainriachtanas fisiciúil nó foghlama ag scoláire, d'fhéadfaí socrú réasúnta a chur i bhfeidhm chun tionchar an mhíchumais ar fheidmiú an scoláire i Measúnuithe Rangbhunaithe a laghdú, a oiread agus is féidir. Ba cheart go mbeadh na hoiriúntais, m.sh. an tacaíocht a thugann Cúntóir Riachtanas Speisialta nó tacaíocht teicneolaíochtaí cúntacha, ag teacht leis na socruithe a chuir an scoil i bhfeidhm chun tacú le foghlaim an scoláire i rith na scoilbhliana.

Aguisín 1:

Gluais phríomhthéarmaí OSPS

Caidrimh rómánsúla nó dhlúthphearsanta: chun crích na sonraíochta seo tagraíonn sé do chaidrimh a bhfuil cairdeas agus níos mó san áireamh iontu lena n-áirítear mealladh gnéasach agus d'fhéadfadh gearn, saobhghrá, dúil, agus collaíocht a bheith ina measc.

Duine Gníomhach: duine a fheiceann agus a aithníonn eachtra dhochrach nó eachtra a d'fhéadadh a bheith dochrach agus ní thugann siad droim láimhe uirthi.

Duine Neamhghníomhach: duine atá ar an láthair nuair a tharlaíonn rud éigin agus feiceann siad an eachtra ach ní ghlacann siad aon pháirt inti.

Féiniúlacht inscne: eispéireas inmheánach aonair a mhothaíonn daoine ag baint lena n-inscne, a thagann, nó nach dtagann, leis an ngnéas a cláraíodh tráth na breithe.

Folláine mhothúchánach: a bheith feasach faoina mothúcháin féin, a bheith in ann na mothúcháin sin a bhainistiú agus a léiriú go cuí agus a bheith in ann déileáil le deacrachtaí agus cásanna strusmhara. Tagann athruithe ar fholláine mhothúchánach agus baineann sé le cumas duine thuas seal agus thíos seal an tsaoil a bhainistiú. Ní hionann í agus an sonas, atá neamhbhuan. Cuireann an cúrsa seo folláine mhothúchánach chun cinn do gach scoláire agus cé nach ndíríonn sé ar fhadhbanna meabhairshláinte ar leith (amhail dúlagar, imní), a dteastaíonn tacaíocht phroifisiúnta uathu thar an seomra ranga, cuidíonn sé leis an scoláire féinfheasacht agus na scileanna a fhorbairt chun a bhfolláine mhothúchánach a thacú agus a chosaint i rith a shaoil.

Gnéas: na tréithe bitheolaíocha agus fiseolaíocha atá fireann nó baineann. Nuair a thagann páistí ar an saol, déantar a ngnéas a chinneadh nó a 'shannadh' ar bhonn a gcuid ball giniúna seachtrach den chuid is mó; is iondúil, ach ní i gcónaí, go mbíonn sé seo ina léiriú ar a gcomhdhéanamh hormónach agus crómasómach inmheánach.

Gnéasacht: gnéithe an duine lena n-áirítear gnéas bitheolaíoch, gnéaschlaonadh, féiniúlacht inscne, léiriú gnéasach, fantaisíochtaí gnéasacha, dearcthaí agus luachanna a bhaineann le gnéas. Is féidir le gnéithe gnéasachta athrú agus muid ag dul in aois agus nuair a bhíonn caidrimh dhifriúla againn. (Féach [an roth gnéasachta](#)).

Gnéaschlaonadh: cumas an duine do mhealladh mothúchánach agus gnéasach do, agus caidrimh dhlúthphearsanta agus ghnéasacha le, duine d'inscne dhifriúil, nó an inscne chéanna nó níos mó ná inscne amháin. Ní mhothaíonn roinnt daoine mealladh gnéasach nó bíonn leibhéal ísle de mhealladh gnéasach acu, agus tugtar éighnéasacht air seo.

Gníomhaíocht ghnéasach/dlúthchaidreamh gnéis: réimse gníomhaíochtaí lena n-áirítear pógadh, teagmháil, cuimilt agus caidreamh collaí (ina gcineálacha éagsúla) a bhaineann le pléisiúr gnéasach a thabhairt agus a fháil. Féadann na gníomhaíochtaí seo a bheith aonarach nó le daoine eile.

Gníomhaire: duine atá ar an láthair nuair a tharlaíonn rud éigin agus labhraíonn siad amach nó déanann siad rud ar son duine aonair nó ar son cúise, idirghabháil a dhéanamh ar son duine éigin atá i mbaol dochair nó ionsaithe go háirithe. Is geall le Duine Gníomhach é.

Inniúlacht sa tsláinte: na hacmhainní agus na hinniúlachtaí pearsanta atá de dhíth le go bhféadfaidh daoine rochtain a fháil ar fhaisnéis agus ar sheirbhísí agus í/iad a thuiscint, a mheas agus a úsáid, ar mhaithe le cinntí a dhéanamh faoi chúrsaí sláinte. Áirítear leis freisin an cumas chun na cinntí sin a chur in iúl, a dhearbhu agus gníomhú ina leith.

Inscne: Na tosca sóisialta agus cultúrtha a théann i bhfeidhm ar a bhfuil i gceist le bheith fireann agus bainneann, .i. na ról, iompraíochtaí, gníomhaíochtaí agus tréithe sóisialta a mheasann sochaí ar leith a bheith oiriúnach d'fhir agus do mhná. Is tábhachtach inscne a idirdhealú ó 'gnéas', ní a thagraíonn do na tréithe bitheolaíocha agus fiseolaíocha atá fireann nó bainneann (féach an sainmhíniú ar ghnéas thíos)

Iompraíocht bhulaíochta: iompraíocht d'aon ghnó a dhéantar arís agus arís le himeacht aimsire ag grúpa nó duine aonair a bhfuil rún acu gortú nó pian a dhéanamh trí theagmháil fhisiciúil, ionsaithe ó bhéal nó ionramháil shíceolaíoch.

Iompraíocht mhí-úsáideach: téarma ginearálta a áiríonn iompraíochtaí éagsúla a d'fhéadfadh a bheith ionsaitheach go follasach nó faoi cheilt, comhéigineach, smachtaithe, ciapach, imeaglaithe, leithlisithe, nó bagrach. D'fhéadfadh an iompraíocht mhí-úsáideach tarlú ar bhonn aonuaire e nó arís agus arís eile, d'aon turas nó neamhbheartaithe.

Iompraíocht: tagraíonn sé don bhealach ina n-iompraíonn daoine nó a gcaitheann siad leo féin nó le daoine eile. Is cabhair é breathnú ar iompraíocht mar chontanam. Is féidir le hiompraíocht a bheith oiriúnach, cuidiúil, tacúil, measúil, neodrach, mí-oiriúnach, mí-chuidiúil, mí-thacúil, dímheasúil, nó dochrach (go fhisiciúil nó go síceolaíoch) fiú. D'fhéadfaí a áireamh le hiompraíocht dhochrach iompraíochtaí mí-úsáideacha agus iompraíochtaí bulaíochta. Tá féinfheasacht agus tuiscint maidir le tionchar iompraíochta dé dhíth chun ár n-iompraíocht a aithint agus a thuiscint, agus is í an chéad chéim í chun dul i ngleic le hiompraíochtaí is mian linn a athrú.

Iompraíochtaí andúile: i gcomhthéacs na sonraíochta seo, tagraíonn sé seo d'iompraíochtaí andúile a bhféadfadh daoine óga a bheith ina mbun, ar nós úsáid alcóil/substaintí, cluichíochta, cearrbhachais agus andúil sna meáin shóisialta.

Léiriú gnéasach: na bealaí éagsúla a léirimid ár ngnéasacht. Cuimsíonn sé cumarsáid agus glacadh le grá, mothúchán a léiriú, pléisiúr a thabhairt agus a fháil, a bheith ar ár gcumas smacht a choimeád ar iompraíocht ghnéasach agus atáirgthe.

Noirm shóisialta: na rialacha neamhscríofa a bhaineann le creidimh, dearcthaí, agus iompraíochtaí a mheastar gurb inghlactha iad i ngrúpa sóisialta nó cultúr áirithe. I gcomhthéacs na hoibre le daoine óga tá sé tábhachtach noirm shóisialta a cheistiú agus critic a dhéanamh orthu, go háirithe iad siúd atá dochrach, mí-chuidiúil nó nach léiríonn céard is tábhachtach do dhaoine.

Scileanna sóisialta agus mothúchánacha: i gcomhthéacs na sonraíochta seo tagraíonn scileanna sóisialta agus mothúchánacha d'fhéinfheasacht, d'fhéinbhainistíocht, do chinnteacht fhreagrach, do scileanna caidrimh agus d'fheasacht shóisialta mar a leagtar amach sa Chreat Scileanna Sóisialta agus Mothúchánacha CASEL.

Sláinte atáirgthe: i gcomhthéacs OSPS na Sraithe Sóisearaí, is éard atá i gceist foghlaim faoi thorthúlacht agus conas í a chosaint, agus foghlaim faoi mhíostrú.

Sláinte: staid d'fholláine iomlán fhisiciúil, mheabhrach agus shóisialta agus ní easpa galair nó éigléochta amháin.

Steiréitíopaí: cur síos a dhéanamh ar dhuine, ar ghrúpa nó ar chultúr atá bunaithe ar réimse gnéithe, iompraíochtaí nó gníomhaíochtaí a ndéantar talamh slán díobh.

Toiliú: croíphrionsabal a bhaineann le gach caidreamh idirphearsanta measúil; is éard atá i gceist leis ná aitheantas agus meas ó thaobh teorainneacha an duine féin agus teorainneacha daoine eile agus deimhniú a dhéanamh i gcónaí mura bhfuiltear cinnte faoi. Déantar toiliú i dtimpeallacht ghnéis a shainmhíniú i [ndlí na hÉireann](#) mar seo a leanas: "toilíonn duine le gníomh gnéasach má aontaíonn sé nó sí dá d(h)eoin féin agus dá s(h)aorthoil féin gabháil don ghníomh sin." Is é is aois toilithe ann in Éirinn chun páirt a ghlacadh i gcaidreamh collaí ná 17 mbliana d'aois.













































Úsáid substaintí: i gcomhthéacs na sonraíochta seo, tagraíonn úsáid substaintí d'alcól, do nicitín, do vápáil agus do dhruaí.

Aguisín 2:

Torthaí Foghlama OSPS agus na Táscairí Folláine

Snáithe 1: Mé féin agus daoine eile a thuiscint

Torthaí foghlama *Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire...*

	Gníomhach*	Freagrach	Ceangailte	Athléimneach	Meas	Feasach
1.1 iniúchadh a dhéanamh ar na hathruithe fisiciúla, sóisialta agus mothúchána a tharlaíonn le linn na hógántachta						
1.2 machnamh a dhéanamh ar a mbuanna pearsanta agus a luachanna agus conas iad a thabhairt isteach i gcaidrimh						
1.3 iniúchadh a dhéanamh ar na tionchair agus ar éispéiris an tsaoil is féidir dul i bhfeidhm ar fhéiniomhá agus ar fhéinmhuinín agus bealaí a aithint chun féinfhiúntas dearfach a chothú						
1.4 na tosca agus na tionchair a théann i bhfeidhm ar fhéiniúlacht daoine óga a aithint, amhail teaghlach, comhscoláirí, cultúr, féiniúlacht inscne, gnéaschlaonadh, cine/cúlra eitneach, cumas/míchumas, creideamh/dearcthaí ar an saol						
1.5 machnamh a dhéanamh ar chothroime inscne agus an tionchar a imríonn steiréitíopaí inscne ar céard a bhítear ag súil, ar iompraíocht agus ar chaidrimh						
1.6 plé a dhéanamh ar éispéiris/chásanna claontachta, éagothroime nó eisiaimh ³ agus bealaí a cheapadh chun timpeallachtaí níos ionchuimsithí a chruthú go gníomhach						
1.7 cumarsáid a dhéanamh ar bhealach measúil éifeachtach agus éisteacht go hoscailte agus go tuisceanach le tuairimí/mothúcháin daoine eile						
1.8 machnamh a dhéanamh ar bhrí agus ar thábhacht na comhbhá agus scileanna comhbhá a léiriú						
1.9 scileanna féinbhainistíochta a thaispeáint, lena n-áirítear spriocanna pearsanta a leagan amach, moill a chur ar shásamh, agus féinrialúchán a dhéanamh ar smaointe, ar mhothúcháin agus ar thaghdanna.						

* Spreagtar scoláirí OSPS le bheith ina rannpháirtithe gníomhacha ina gcuid foghlama agus le bheith gníomhach ina saol féin. Tacaíonn na trí ghné bhunúsacha thrasghearrtha (ar leathanach 12) le seo. Tá béim freisin ar gníomhaíocht i gceann de na roghanna MRBanna san OSPS. Déanann an scoláire taighde, tuairiscíú agus machnamh ar bheart atá déanta aige chun gné den tsláinte/den fholláine a ndearnadh staidéar uirthi sa ghearrchúrsa OSPS a chur chun cinn nó chun feasacht a mhúscaill ar an gné sin.

Snáithe 2: Roghanna sláintiúla a dhéanamh

Torthaí foghlama *Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire...*

	Gníomhach*	Freagrach	Ceangailte	Athléimneach	Meas	Feasach
2.1 machnamh a dhéanamh ar ilghnéitheacht na sláinte agus na folláine, agus a mheas céard is sláinte ann d'ógánaigh dhifriúla, agus conas a chuireann bia, gníomhaíocht choirp, codladh/scíth agus sláinte agus folláine san áireamh						
2.2 iniúchadh a dhéanamh ar conas a mhargaítear agus a fhógraítear táirgí míshláintiúla (nicitín, galtoitín, alcól, agus bia agus deochanna míshláintiúla)						
2.3 plé a dhéanamh ar na tionchair shochoaíocha, chultúrtha agus eacnamaíocha a théann i bhfeidhm ar dhaoine óga tráth roghanna sláintiúla a dhéanamh i dtaobh caitheamh tobac, alcóil agus substaintí agus iompraíochtaí andúile eile, agus plé a dhéanamh ar conas is féidir na dúshlán sin a shárú i gcásanna fíorshoil						
2.4 scileanna agus straitéisí a thaispeáint a chuidíonn le roghanna eolacha a dhéanamh a thacaíonn le sláinte agus folláine agus iad a chur i bhfeidhm i gcásanna san fhíorshaol a d'fhéadfadh a bheith strusmhar agus/nó ina bhfuil piarbhrú i gceist						
2.5 plé a dhéanamh ar na hiarmhairtí fisiciúla, sóisialta, mothúcháin agus dlíthiúla a ghabhann le húsáid substaintí andúile (láithreach agus fadtéarmach)						
2.6 machnamh a dhéanamh ar na cásanna inar féidir go mbainfí úsáid as alcól, nicitín, drugaí, bia agus scáileáin chun déileáil le mothúcháin mhíthaitneamhacha nó le strus agus plé a dhéanamh ar bhealaí sláintiúla a bhféadfaí déileáil leo						
2.7 measúnú a dhéanamh ar na buntáistí agus na deacrachtaí a bhaineann lena shaol ar líne agus straitéisí a phlé chun déileáil le raon cásanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn						
2.8 plé a dhéanamh ar conas eolas pearsanta, íomhánna, tuairimí agus mothúcháin a chomhroinnt ar bhealach sábháilte, freagrach, agus measúil ar líne agus aghaidh ar aghaidh						
2.9 iniúchadh a dhéanamh ar na fáthanna a roinneann daoine óga íomhánna gnéis ar líne, agus na rioscaí agus na hiarmhairtí a bhaineann lena leithéid a fhiosrú						
2.10 a léiriú conas seirbhísí, tacaíochtaí agus faisnéis atá cuí agus iontaofa maidir le sláinte agus folláine, a fháil agus a mheas.						

Snáithe 3: Caidrimh agus gnéasacht

Torthaí foghlama

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire...

		Gníomhach*	Freagrach	Ceangailte	Athléimneach	Meas	Feasach
3.1	machnamh a dhéanamh ar na luachanna, iompraíochtaí agus scileanna a cabhraíonn le caidrimh a chothú, a choinneáil agus a chríochnú go measúil (cairde, teaghlach agus caidrimh rómánsúla/ dhlúthphearsanta)						
3.2	scrúdú a dhéanamh ar na buntáistí agus na deacrachtaí a bhfuil taithí ag daoine óga orthu i gcaidrimh éagsúla – cairdeas, caidrimh theaghlaigh, agus caidrimh rómánsúla/ dhlúthphearsanta						
3.3	comharthaí de chaidrimh shláintiúla, mhíshláintiúla agus mhí-úsáide a aithint						
3.4	tuiscint a fháil ar a thábhachtaí atá sé teorainneacha sláintiúla a leagan síos i gcaidrimh idirphearsanta agus machnamh a dhéanamh ar conas meas a léiriú ar theorainneacha daoine eile						
3.5	machnamh a dhéanamh ar a thábhachtaí atá sé aire a thabhairt dá shláinte atáirgthe						
3.6	tuiscint a fháil ar gach a bhfuil i gceist le gnéasacht an duine, agus ar an gcaoi a mbraitear agus a léirítear gnéaschlaonadh agus féiniúlacht inscne ar bhealaí éagsúla						
3.7	iniúchadh a dhéanamh ar na brúnna atá ann páirt a ghlacadh i gcaidreamh gnéis agus plé leis na bealaí chun meas a léiriú ar roghanna daoine						
3.8	léirthuiscint a thaispeáint ar a thábhachtaí agus atá sé toiliú a lorg, a thabhairt agus a fháil i gcaidrimh ghnéasacha, ó chaidrimh chomhbhácha idirphearsanta a thógáil agus ón dearcadh dlíthiúil						
3.9	míniú a dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann le gníomhaíocht ghnéasach níos sláintiúla le tagairtí do mhodhanna frithghiniúnacha agus do chosaint ar ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha (STInna)						
3.10	plé a dhéanamh ar thionchar an chultúir choitinn agus an tsaoil ar líne (tionchar na pornagrafaíochta go háirithe) ar thuiscint, ar ionchais agus ar noirm shóisialta daoine óga ó thaobh léiriú gnéasachta de						
3.11	a léiriú conas comhairle chúí agus iontaofa, tacaíocht agus seirbhísí a bhaineann le caidrimh agus sláinte ghnéis a fháil agus a mheas.						

Snáithe 4: Folláine mhothúchánach

Torthaí foghlama

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire...

		Gníomhach*	Freagrach	Ceangailte	Athléimneach	Meas	Feasach
4.1	plé a dhéanamh ar nádúr solúbtha na folláine mothúchánaí agus ar bhealaí chun í a chothú agus a chosaint						
4.2	a chuid mothúchán a aithint agus a admháil agus na naisc idir smaointe, mothúcháin agus iompraíocht a aithint						
4.3	machnamh a dhéanamh ar thionchar an struis agus a bheith in ann leas a bhaint as teicnící éagsúla chun mothúcháin a fhéinrialú agus déileáil le struis an tsaoil ó lá go lá						
4.4	plé a dhéanamh ar bhealaí chun tacaíocht a thabhairt dó féin agus do dhaoine eile i dtréimhsí dúshlánacha agus cén áit/cén chaoi/cén t-am le tacaíocht a lorg, más gá						
4.5	iniúchadh a dhéanamh ar an dóigh ar féidir le tosca a bhfuil smacht againn orthu (amhail codladh, aiste bia, aclaíocht, úsáid substaintí agus gníomhaíocht ar líne), agus tosca nach bhfuil smacht againn orthu, dul i bhfeidhm ar fholláine mhothúchánach						
4.6	iompraíochtaí éagsúla mí-úsáideacha agus bulaíochta a d'fhéadfadh tarlú le linn idirghníomhaíochtaí ar líne agus aghaidh ar aghaidh a aithint						
4.7	míniú a thabhairt ar a thábhachtaí atá sé iompraíochtaí éagsúla mí-úsáideacha nó bulaíochta – a d'fhéadfadh tarlú ar bhonn aghaidh ar aghaidh nó ar líne – a thabhairt faoi deara agus freagairt dóibh, agus freagairtí oiriúnacha a phlé (cén fáth, cén chaoi, cén áit agus cén uair is cóir iad a thuairisciú)						
4.8	na fáthanna nach seastar an fód a fhiosrú agus gníomhaíochtaí is féidir le daoine óga a dhéanamh, gan iad féin a chur i mbaol a aithint, i gcásanna ina bhfuil siad ar an eolas faoi eachtraí míúsáideacha nó bulaíochta						
4.9	a léiriú conas eolas agus seirbhísí cuí agus iontaofa a fháil agus a mheas, cinn atá dírithe ar thacú le ` folláine mhothúchánach agus meabhairshláinte daoine óga.						

Aguisín 3:

Na Táscairí Leibhéil le haghaidh Leibhéal 3 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí

Forbraíodh an gearrchúrsa seo ar aon dul leis na táscairí leibhéil le haghaidh Leibhéal 3 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí. De ghnáth bíonn baint ag an eolas, ag an scil agus ag an inniúlacht a ghnóthaítear le haghaidh theistiúchán agus dhámhachtainí Leibhéal 3 le forbairt phearsanta, le rannpháirteachas sa tsochaí agus sa phobal, le fostaíocht, agus le fáil ar oideachas agus ar oiliúint bhreise.

Leibhéal an Chreata Náisiúnta 3 Cáilíochtaí

Eolas	
Fairsinge	Raon sách fairsing eolais
Eolas	
Cineál	Tagairt nithiúil den chuid is mó agus roinnt tuisceana ar an ngaol idir gnéithe eolais
Fios gnó agus scil	
Raon	Raon teoranta scileanna agus uirlisí praiticiúla agus cognaíocha a thaispeáint
Fios gnó agus scil	
Roghnaíocht	Roghnú ó raon teoranta gnásanna éagsúla agus réitigh ar eolas a chur i bhfeidhm ar raon teoranta d'fhadhbanna intuatha
Inniúlacht	
Comhthéacs	Gníomhú laistigh de raon teoranta comhthéacsanna
Inniúlacht	
Ról	Gníomhú faoi threoir le neamhspleáchas teoranta; feidhmiú i ngrúpaí aonchineálacha a bhfuil cleachtadh orthu
Inniúlacht	
Foghlaim le foghlaim	Foghlaim le foghlaim i dtimpeallacht bhainistithe
Inniúlacht	
Léargas	Glacadh le freagracht teoranta as leanúnachas féintuisceana agus iompair



An Roinn Oideachais
Department of Education



NCCA
An Chomhairle Náisiúnta
Curraclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment